AN CHOMHAIRLE EORPACH
AN tUACHTARÁN

GA

An Bhruiséil, 30 Eanáir 2012
(OR. en)
EUCO 16/12
PRESSE 30
PR PCE 13

# Preasráiteas maidir le saincheisteanna i ndáil le beartas eachtrach

Mar a cuireadh in iúl sna conclúidí ón gComhairle Gnóthaí Eachtracha an 23 Eanáir 2012 cuirim i dtreis an athuair na húdair imní thromchúiseacha, ghéaraitheacha atá ag Comhaltaí den Chomhairle Eorpach maidir le clár núicléach na h**Iaráine** agus cuirim i dtreis freisin go dtacaíonn siad leis an bpacáiste tábhachtach bearta sriantacha a glacadh i gcoinne na hIaráine i.a.san earnáil fuinnimh, trádála agus airgeadais. Níl na bearta sin dírithe ar mhuintir na hIaráine féin. Iarraim ar cheannairí na hIaráine deireadh a chur láithreach lena ngníomhaíochtaí íogair núicléacha agus iarraim orthu cloí go hiomlán lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta, mar a leag an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha amach iad an 23 Eanáir. Tá deis ag an Iaráin dul i mbun caibidlíochta go dáiríre, agus dearbhaím tiomantas an AE oibriú ar mhaithe le réiteach taidhleoireachta, i gcomhréir leis an gcur chuige dériain.

Cuirim fáilte roimh na hathruithe tábhachtacha atá ar siúl i m**Burma/Maenmar** faoi láthair agus spreagaim don Rialtas ansin coinneáil lena thiomantas leanúint ar bhealach an athchóirithe. Cruthaítear deiseanna tábhachtacha nua leis na hathruithe sin chun forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Burma/Maenmar. Táim ag tnúth go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn sna seachtainí atá le teacht, go háirithe go scaoilfear saor tuilleadh príosúnach polaitíochta, go ndéanfar toghcháin chóra agus chothroma, agus go gcuirfear deireadh le coinbhleachtaí eitneacha. Faoi mar a chuir an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha in iúl an 23 Eanáir, leanfaimid le bearta sriantacha an AE a laghdú má dhéantar na hionchais atá againn a chomhlíonadh. Athdhearbhaíonn comhaltaí na Comhairle Eorpaí go bhfuil an AE réidh chun cuidiú le Burma/Maenmar agus athchóirithe á gcur chun cinn.

**P R E A S**

Dirk De Backer - Urlabhraí an Uachtaráin - ☎ +32 (0)2 281 9768 - +32 (0)497 59 99 19
Jesús Carmona - Leas-urlabhraí an Uachtaráin - ☎ +32 (0)2 281 9548 / 5150 - +32 (0)475 65 32 15
press.president@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/

Ar deireadh, ba mhaith liom a chur in iúl gur cúis mhór imní dom an staid sa t**Siria** agus gurb é mo thuairim gurb uafásach é an foréigean agus an chos ar bolg leanúnach atá á n-imirt i gcónaí ar mhuintir na Siria. Tacaíonn comhaltaí na Comhairle Eorpaí go hiomlán leis na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an 23 Eanáir 2012 agus athdhearbhaíonn siad go n-iarrann an tAontas go gcuirfí deireadh leis an bhforéigean láithreach. Tugaim aird ar chinneadh Léig na nArabach a mhisean breathnóireachta chuig an tSiria a chur ar fionraí mar fhreagairt ar an bhforéigean géaraitheach atá á dhéanamh ag údaráis na Siria. Leanann an AE de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí Léig na Stát Arabach atá dírithe ar dheireadh a chur leis an bhforéigean sa tSiria agus is díol sásaimh dó cinneadh Léig Stát na nArabach comhoibriú níos mó leis na Náisiúin Aontaithe. Tá géarghá le freagairt phras ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Áitím ar chomhaltaí uile Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a gcuid freagrachtaí a ghlacadh orthu féin maidir leis an staid sa tSiria, agus céimeanna atá i bhfad thar théarma a ghlacadh d'fhonn deireadh a chur leis an gcos ar bolg sa tír sin.